

Dáta a foilsithe: Mí Iúil 2012

- 02 Teachtaireacht ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin
- 04 Éire agus an Bhreatain
 - 05 Causeway
- 06 Éire agus an Eoraip
 - 08 Comenius
 - 12 eTwinning
 - 13 Grundtvig
 - 16 Leonardo Da Vinci
 - 18 Cuairteanna Staidéir
 - 20 An Óige i mBun Gnímh
 - 24 Múineadh agus Foghlaim Teangacha
- 26 Éire agus an Domhan Mór
 - 27 WorldWise
 - 29 IAESTE (Malartú Idirnáisiúnta Mac Léinn ar mhaithe le taithí theicniúil a fháil)
- 30 An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
- 33 Léargas
- 34 Léargas agus Bord agus Foireann an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas
- 36 Achoimre ar na Cuntais

Teachtaireacht ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Sa bhliain 2011 bhí an Clár An Óige i mBun Gnímh agus an Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil ar bun in Éirinn le cúig bliana anuas. Is ar thimthriall seacht mbliana atá an dá chlár ar siúl agus tiocfaidh siad chun deiridh i 2013. Bhí siad á n-oibriú faoi lán tseoil ar feadh 2011 ar fad agus méadú tagtha ar gach gné díobh, idir mhaoiniú, iarratais agus leithdháiltí. Féadaimid a bheith ag súil le tuilleadh méaduithe ar mhaoiniú a bheith ar fáil sa dá bhliain dheiridh de na cláir, go háirithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí siúd a mbaineann soghluaisteacht leo (is é sin le rá, go bhfuil na rannpháirtithe ag taisteal chuig tíortha Eorpacha eile chun taithí oibre a fháil, chun obair le chéile, chun foghlaim óna chéile, chun cleachtais agus beartais a fhiosrú agus mar sin de). Is é a bhíonn mar sprioc againne i Léargas i gcónaí ná na torthaí is fearr a bhaint amach d'Éirinn as na cláir a bhíonn á mbainistiú againn agus a chinntiú go gcuirtear ar chumas na rannpháirtithe tairbhe a bhaint as an iliomad deiseanna a bhíonn ar fáil dóibh tríd na gníomhaíochtaí éagsúla. Is cúis áthais dúinn a thuairisciú go bhfuil méadú tagtha ar líon na ngníomhaíochtaí sna cláir ar fad, nach mór, atá á mbainistiú againn.

Ina dhiaidh sin agus uile, is faoi neamhchinnteacht ó thaobh na heacnamaíochta de agus i bhfianaise an laghdaithe ar acmhainní atá ag gabháil léi atá an méadú ar mhaoiniú agus ar rannpháirtíocht ag teacht. Dá thoradh sin bhí ar Léargas níos mó oibre a dhéanamh cé nach raibh a fhoireann chomh mór mar a bhíodh. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh le gach ball d'fhoireann Léargas as aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhí romhainn i 2011: Is de bharr na hoibre crua, a dtiomantais agus a bhfoighne agus iad faoi bhrú, a d'éirigh linn na spriocanna a bhí curtha romhainn ag na cláir a bhaint amach. Beidh na dúshláin céanna romhainn i gcónaí gan dabht ar feadh an dá bhliain dheireanacha a mbeidh na cláir ar siúl. Bíodh is go bhfuil ag éirí go breá linn go dtí seo tá baol ann go mbainfidh laghdú eile ar ár gcuid acmhainní dár gcumas leas iomlán a bhaint as maoiniú a chuirfear ar fáil agus go gcaillfear deiseanna don lucht rannpháirtíochta ar fud na hÉireann dá réir.

Agus deireadh an timthrialla seacht mbliana seo chugainn gan ró-mhoill tá tús curtha againn leis an ullmhúchán chun maoiniú a aimsiú le haghaidh na gclár Eorpach a rithfidh ó 2014-2020: is iad na cláir a thiocfaidh i gcomharbacht ar na cláir An Óige i mBun Gnímh agus Foghlaim ar feadh an tSaoil. Tá pleananna idir lámha san Eoraip faoi láthair chun clár 'Erasmus do Chách' uileghabhálach a chur ar siúl a chuimseoidh idir fhoghlaim fhoirmiúil agus foghlaim neamhfhoirmiúil (lena n-áirítear tionscnaimh óige agus pobail). Tá foireann Léargais rannpháirteach ag gach aon leibhéal i ngrúpaí oibre le comhghleacaithe san Eoraip agus i bpléite lenár rialtas féin faoin gcruith a bheidh ar na cláir amach anseo. Agus é seo idir lámha againn is léir dúinn gur gá na torthaí is fearr a bhaint amach do rannpháirtithe Éireannacha agus is ar mhaithe leis an sprioc seo atáimid ag saothrú go dícheallach. Tá deiseanna le haghaidh malartaithe agus comhoibríthe idirnáisiúnta ar fáil in earnálacha éagsúla nach mór dúinn a chaomhnú, dar le foireann Léargais. Táimid uile ag obair go crua chun a chinntiú go mbeidh ionadaíocht mhaith á déanamh ar riachtanais na n-earnálacha sin.

Sa bhliain 2011 tháinig an clár WorldWise atá á mhaoiniú ag Cúnamh Éireann, in aibíocht de réir mar a bhí téarma a chonartha ag druidim chun deiridh. Seoladh mar chlár píolótach é i 2007 ach d'fhorbair sé ó smaoinemh ina chlár a chuir maoiniú, acmhainní agus tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil ar fáil d'iarbhunscoileanna a bhfuil comhpháirtíochtaí acu leis an Global South. I 2011 bhí 70 scoil rannpháirteach sa chlár WorldWise agus iad i mbun tograí oideachas forbartha trí chomhpháirtíochtaí scoile. Bhí idir dhaltaí agus múinteoirí ag obair as lámh a chéile thar teorainneacha tíortha, cultúrtha agus i gcúinsí éagsúla, ón Chéinia go Corcaigh, ó Ros Comáin go

Vítneam agus ón India go Baile Átha Cliath chun féachaint ar spriocanna atá i gcoiteann acu maidir le saincheisteanna faoi cheartas domhanda.

Thug Léargas a chuid taithí ar bhainistiú cláir isteach chuig WorldWide; forlíonadh é seo le taithí na foirne WorldWide i bhforbairt agus in oideachas forbartha; anuas air seo bhíomar ag comhoibriú le saineolaithe oideachas forbartha ar fud na tíre agus laistiar di ar feadh saolré an chláir ar fad. Is cúis áthais dom a chur in iúl daoibh gur tugadh tuairisc dhearfach in dá mheastachán ar an gclár WorldWide nach raibh aon bhaint acu lena chéile ar an tionchar maith a imríonn sé ar mhúinteoirí, ar dhaltaí agus a gcuid scoileanna agus ar phobail. Tá cinneadh déanta ag Cúnamh Éireann Clár WorldWide Domhanda athbhreithnithe do Scoileanna a athchoimisiúnú a leathnóidh réimse cúraim an chláir. Ní bheidh sé ag díriú ar chomhpháirtíocht amháin ach méadófar a réimse chun teagmháil a dhéanamh le scoileanna trí thionscnaimh oideachas forbartha eile in earnáil an dara leibhéal. Cuirfidh Léargas tairiscint isteach le haghaidh an chláir agus tá sé ag súil le bheith á stiúradh go ceann ceithre bliana eile.

Mar thoradh ar na cláir seo atá a mbainistiú ag Léargas cuirtear ar chumas rannpháirtithe leas a bhaint as mórán deiseanna taithí nua a fháil, tumadh isteach i dteangacha agus i gcultúir nua agus rudaí nua a fhoghlaim ó chomhpháirtithe ar fud na hEorpa agus lastall di. Níorbh fhéidir a leithéid a dhéanamh áfach, mura ndéanfaí an obair atá le déanamh anseo sa bhaile. Chinntigh foireann agus bord Léargais i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Oideachais agus Scileanna, sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha gur cuireadh ar cumas rannpháirtithe leas a bhaint as an iliomad deiseanna éagsúla. Táim buíoch díobh as a ndílseacht leanúnach don obair seo. Tá buíochas tuillte leis, ag an líon mór oibrithe óige, múinteoirí, traenáilaithe, foghlaimeoirí i ngach aois agus ag na hoibrithe deonacha atá ag baint úsáide as an maoiniú atá ar fáil dóibh i gcónaí d'fhonn a gcuid scileanna a fheabhsú agus chun smaointe nua agus athruithe chun feabhais a thabhairt chun cinn ina saol féin agus saol na ndaoine siúd a bhfuilid ag obair leo.

Jim Mullin

Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Éire agus an Bhreatain

Causeway

Is é is Causeway ann ná clár malartaithe idir an Bhreatain agus Éire. Baineann sé leis an dá thír seo agus tá d'aidhm aige caidrimh idir daoine óga agus eatarthu siúd a oibríonn leo a threisiú.

I dtograí de chuid Causeway cuirtear obair i bhfoireann chun cinn agus tugtar deiseanna luachmhara do dhaoine óga iontu a gcuid radharc ar chéannacht a iniúchadh agus dul i ngleic le ceisteanna faoi chaoinfhulaingt agus ilchineálacht.

Cuireadh lón ar siúl i Londain ar an 25 Márta chun cothrom deich mbliana Causeway a cheiliúradh. D'fhreastail ambasadóir na RA in Éirinn agus ambasadóir na hÉireann san RA air agus mhol an bheirt acu obair an chláir Causeway. Bhí foilseachán an chomórtha deich mbliana ar Causeway ar fáil ag an ócáid. D'fhreastail dhá ghrúpa óige, ceann amháin ó Sheirbhís Óige an Chláir agus ceann eile ó Fhoróige Bhaile Bhlainséir, ar an gceiliúradh mar aon le tograí eile ón Bhreatain agus ó Thuaisceart Éireann.

Staidéar Cáis:

Togra um Chomhar Pobail an Chláir Thoir

Sa togra seo tháinig daoine óga ó iarthar na hÉireann le chéile le grúpa as Albain. Ba í an aidhm a bhí leis ná cur ar chumas na ndaoine óga tograí a thionscnamh le chéile agus cabhrú leo cuimhní a chruthú a fhéadfaidh siad a thabhairt chun cuimhne ag tráthanna eile le linn a saol. Leag an togra béim ar na cosúlachtaí idir daoine óga ón dá thír agus d'fhorbair sé cairdis agus scileanna ceannaireachta a bheidh ag teastáil ó na daoine óga seo arís le linn a saol. Ba trí obair ealaíne agus rince a ghlac na daoine óga páirt in oideachas ar shlí neamhfhoirmiúil agus tháinig siad ar thuiscint níos fearr ar chultúir a chéile agus ar eispéireas óige a chéile mar a bhí sí i 2011.

Éire agus an Eoraip

An Clár Foghlama Ar Feadh an tSaoil

Clár suaitheanta de chuid an Aontais Eorpaigh is ea an Clár Foghlama ar feadh an tSaoil ina gcomhtháthaítear tionscnaimh oideachais agus oiliúna éagsúla chun a chur ar chumas daoine leas a bhaint as deiseanna foghlama ar fud na hEorpa ag gach tráth dá saol.

Tá an Clár Foghlama Ar Feadh an tSaoil roinnte ina cheithre fhochlár earnála agus tá trí cinn díobh seo á mbainistiú ag Léargas anseo in Éirinn:

- Comenius do scoileanna
- Leonardo da Vinci d'oideachas agus oiliúint gairme
- Grundtvig d'oideachas d'aoisigh

Is é Erasmus an ceathrú fochlár atá i gceist. Baineann sé leis an ardoideachas agus is faoi bhainistíocht an Údarás Ardoideachais atá sé anseo in Éirinn.

An Clár An Óige i mBun Gnímh

Is do dhaoine óga idir 13 agus 30 bliain d'aois a reáchtálann an tAE an clár an Óige i mBun Gnímh. Tá de sprioc ag an gclár seo meon na saoránachta gníomhaí, comhthuiscint, cur le chéile agus caoinfhulaingt a spreagadh in Eorpaigh óga agus páirt a thabhairt dóibh san obair a mhúnlaíonn todhchaí an Aontais. Cuireann sé soghluaiseacht chun cinn laistigh de theorainneacha an AE agus lastall díobh agus spreagann sé foghlaim neamhfhoirmiúil agus caidreamh idirchultúrtha. Déantar daoine óga a chuimsiú i dtograí an chláir seo gan aird ar a gcúlra oideachais, sóisialta agus cultúrtha.

Cláir Eorpacha eile

I réimse na foghlama teanga bíonn nuálaíocht, feasacht agus léirthuiscint a chur chun cinn ag Léargas tríd an obair a dhéanann sé thar ceann na Comhairle Eorpaí agus an Lárionaid Eorpach do Nuatheangacha.

Comenius

Is é atá i gComenius ná cuid den gClár Foghlama Ar Feadh an tSaoil 2007-2013 ar clár de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é. Tá sé dírithe ar chéimeanna luaithe an oideachais: naíolann / naíonra chomh maith le bunscoil agus meánscoil lena n-áirítear oideachas teicniúil agus gairme. Baineann an clár le daltaí, múinteoirí agus foireann oideachais ach d'fhéadfadh sé dul chun tairbhe d'eagraíochtaí ar nós cumainn tuismitheoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis áitiúla, an earnáil ghnó agus na comhpháirtithe sóisialta, leis.

Comhpháirtíochtaí Scoile Comenius

De bharr na gComhpháirtíochtaí Scoile Comenius faigheann scoileanna in Éirinn deis oibriú as lámh a chéile le scoileanna Eorpacha eile ar thograí oideachasúla a spreagann malartú idirchultúrtha, ní hamháin sa réimse ábhair a bhfuil an togra dírithe uirthi ach de bharr obair foirne, caidreamh sóisialta, pleanáil agus trí ghníomhaíochtaí togra a dhéanamh agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC). Mar thoradh ar an obair a dhéanann na daltaí agus na múinteoirí le scoileanna as tíortha difriúla bíonn deis acu teangacha iasachta a chleachtadh agus cuireann a leithéid de ghníomhaíocht tuilleadh foinn orthu teanga a fhoghlaim.

Le linn 2011 rinne scoileanna Éirinnacha a lán soghluaiseachtaí fóirmhaithe agus tháinig méadú ar líon na ndaltaí a thaistil, go háirithe ag an leibhéal bunscoile. Ar na torthaí a bhí ar na tograí áirítear DVDanna, dlúthdioscaí, suíomhanna idirlín, leabhair, cáipéisí taighde, fótamontáiseanna, féilirí agus pleananna ceachta. I mBunachar Sonraí Taiscí Roinnte na hEorpa coinnítear stór de phróisis foghlama agus torthaí foghlama do Chomhpháirtíochtaí a bhfuil teacht ag an bpobal air ag www.leargas.ie/est.

Seimineáir Teagmhála agus Cuairteanna Ullmhúcháin Comenius

Seimineáir Teagmhála: I seimineáir teagmhála tugtar deis iontach do mhúinteoirí bualadh le comhghleacaithe as tíortha Eorpacha eile chun naisc a bhunú agus chun comhpháirtíochtaí a dhéanamh. Tá maoiniú ar fáil do mhúinteoirí agus foireann scoile chun freastal ar sheimineáir agus bualadh le hionadaithe scoileanna ó gach cearn den Eoraip d'fhonn togra Comhpháirtíochta Scoile a fhorbairt.

Cuairteanna Ullmhúcháin: Cuireann Comenius maoiniú ar fáil leis, do bhaill foirne scoileanna a bhfuil naisc bunaithe acu cheana féin, chun taisteal chuig scoil chomhpháirtíochta d'fhonn tuilleadh forbartha agus ullmhúcháin a dhéanamh ar a dtograí Comhpháirtíochta scoile. Cabhraíonn Cuairteanna Ullmhúcháin le múinteoirí cuairtíochta aithne phearsanta a chur ar chomhpháirtithe agus cabhraíonn siad leo plean oibre dá gComhpháirtíochtaí a thionscnamh.

Oiliúint In-seirbhíse Comenius

Tacaíonn Oiliúint In-seirbhíse Comenius le foireann oideachas scoile agus déanann sé éascaíocht dóibh freastal níos éifeachtaí a dhéanamh ar riachtanais a gcuid mac léinn, rud a chinntíonn go mbíonn ardchaigdeán i bhfeidhm agus ábhar an seomra ranga á sheachadadh agus scoileanna á mbainistiú. Cuireann Oiliúint In-seirbhíse ar chumas foireann oideachas scoile leas a bhaint as oiliúint gearrthéarma thar lear trí bheith ag freastal ar chúrsaí, comhdhálacha nó trí scáthfhoghlaim. Bíonn meas mór ag iarratasóirí ar an deis bualadh le comhghleacaithe Eorpacha agus eispéiris,

modheolaíochtaí agus modhanna oibre i suíomhanna oideachais a chéile a phlé. Maidir le múinteoirí teanga, cuireann tumadh iomlán lena muinín-san agus athspreagann sé fuinneamh iontu dá n-ábhair. Tuairiscíonn iad siúd a chuaigh i mbun Oiliúna In-seirbhíse nach bhféadfaí na tairbhí atá faighte acu mar thoradh ar aithne a chur ar chleachtas agus teoiric nua i ndáil le TFC, ar mhodheolaíochtaí, riachtanais speisialta, forbairt scoile, cuimsiú srl., nach bhféadfaí iad a bhaint amach in oiliúint a ghlacfaí ar an leibhéal náisiúnta. Is comhbhall tábhachtach é an ghné Eorpach, maidir le luach na hoiliúna a chuirtear ar fáil do na rannpháirtithe.

Sa bhliain 2011 tháinig méadú ar an éileamh ar mhaoiniú faoin ngníomh Oiliúna In-Seirbhíse de chuid Comenius. Fuarthas 160 iarratas agus tugadh maoiniú do 122 astu seo (fuarthas 120 iarratas i 2010). Clúdaíonn an gníomh seo réimse leathan téamaí ar a n-áirítear, mar shampla, Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT), sainoiliúint teanga, TFC agus Meáin sa seomra ranga, bainistiú scoile, staidéar idirchultúrtha agus riachtanais speisialta.

Cúntóireachtaí Comenius

Is é atá i gceist le Cúntóireachtaí Comenius ná maoiniú do dhaoine a bheidh ina múinteoirí tréimhse 13-45 seachtaine a chaitheamh i mbun múinteoireachta i dtír Eorpach eile. Tugann an clár deontas i leith taistil, costais ullmhúcháin agus costais chothabhála. Féadann scoileanna iarratas a dhéanamh chun cúntóir Comenius a óstáil. Bíonn cúntóirí ag cabhrú i ranganna teanga nó in ábhair eile. Is minic a chuireann na daltaí níos mó suime i dteangacha agus i gcultúr eile mar thoradh ar obair an chúntóra agus d'fhéadfaidís cabhrú go mór chun foghlaiméoirí ó thíortha eile a chuimsiú.

Comhpháirtíochtaí Comenius Regio

Cuireann Comenius Regio gníomhaíochtaí comhoibríthe chun cinn idir údaráis áitiúla agus réigiúnacha ar fud na hEorpa a bhfuil baint dhíreach acu le bainistiú scoileanna. Is é is aidhm leis sin ná a chur ar chumas na réigiún rannpháirteacha deachleachtas a fhorbairt agus a mhalartú, comhar inbhuanaithe a fhorbairt thar teorainneacha, an ghné Eorpach a threisiú in oideachas scoile agus eispéiris foghlama Eorpacha a chur ar fáil do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do riarthóirí.

Comenius: Staidéir Cáis

Scoil Shinsearach Réalt na Mara: AUT AUT – Foghlaim Pobail: Líonra Múinteoirí maidir le hUathachas

Bunaíodh an chomhpháirtíocht seo (an togra Aut Aut) chun líonra fhoghlama agus clár oibre a fhorbairt chun eolas a roinnt agus tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta daltaí a bhfuil uathachas orthu. Sampla iontach is ea é de scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta ó chúig chontae a roinneann eolas agus a chomhoibríonn ar an téama seo. Rinne príomhoide na scoile Éireannaí cur síos ar thionchar an togra:

“Bhí ár bhfoireann ardspreagtha ó thús go deireadh tréimhse an togra. Bhí fonn mór ar a lán múinteoirí ranga príomhshrutha tuilleadh a fhoghlaim faoi páistí a bhfuil uathachas orthu a mhúineadh. Ag an am céanna bhí fonn ar na múinteoirí Oideachais Speisialta a gcuid eolais agus taithí a roinnt. Sa togra seo fuair a lán ball foirne deis iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna múinte a úsáidtear dtíortha Eorpacha eile le haghaidh daltaí a bhfuil uathachas orthu. Thug sé tuiscint dúinn ar a luachmhaire agus atá sé an cuimsiú inár gcuid cleachtas múinteoireachta a mhéadú. Dhírigh sé aird ar an tábhacht atá le scileanna beatha a mhúineadh inár gcuraclam d’oideachais speisialta. Ina

theannta sin chuir sé ar ár súile dúinn uair eile go bhfuil gá le níos mó cumarsáid oscailte solúbtha idir múinteoirí príomhshrutha agus múinteoirí riachtanas speisialta”.

Ag déanamh ar Chuimsiú in Iarbhunscoileanna le chéile

Tá an togra seo á chomhordú ag Coiste Gairmoideachais Chontae Lú agus is é atá d’aidhm aige ná cleachtais chuimsithe san oideachas a chruthú mar aitheantas don éagsúlacht shóisialta, chultúrtha agus teanga atá ag méadú sna scoileanna. De bhreis air seo táthar ag súil go gcabhróidh sé chun scoileanna agus iarsmalanna a nascadh le heispéiris, suimeanna, luachanna agus féiniúlacht chultúrtha na ndaltaí. Beifear ag díriú ar feabhas a chur ar scileanna idirchultúrtha foirne scoile, oideachais agus iarsmalainne agus cuirfear cuimsiú sóisialta agus féinriar an fhoghlaim chun cinn trí mhodhanna oideolaíochá nuálaíochá d’fhonn borradh a chur faoi fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Mar chuid den togra seo forbrófar modúl oiliúna in-seirbhíse do mhúinteoirí, do chomhairleoirí oideachais agus d’oifigigh oideachais iarsmalainne.

An Togra um Litearthacht Chruthaitheach trí Nuálaíocht

Togra é seo a críochnaíodh i 2011 agus a reáchtáladh faoi bhainistiú an Chláir um Chríochnú Scoile de chuid Ghairmchoiste Chontae Phort Láirge. Is é ba chuspóir don togra ná feasacht ar litearthacht a mhéadú trí TFC a úsáid, an pobal a spreagadh chun páirt a ghlacadh, comhar leis an AE a chur chun cinn, feasacht ar chultúir eile a mhéadú trí litríocht agus comhoibriú maidir le forbairt barrchleachtais. Tá beart acmhainní inaistrithe forbartha ag an togra dóibh siúd ar mhaith leo a gclár litearthachta deonach féin a chur le chéile. Tá an beart ar fáil ar www.reading-buddies.com.

Cúntóireacht Comenius i mBunscoil in Istanbul, An Tuirc.

Tá Caoimhe Ferguson i mbun Cúntóireachta Comenius in Istanbul:

“Cé go raibh mé beagáinín neirbhíseach ar dtús maidir le bogadh chuig tír a bhfuil a lán difríochtaí cultúrtha idir í agus Éire táim ar mo shuaimhneas anois agus is grá liom pobal na Tuirce. Tá sé sin amhlaidh go mór mór de bharr múinteoirí agus daltaí Pilot Cengiz Topel Ilkogretim Okulu a bheith chomh fáilteach flaithiúil liom. Ba iontach an rud é díograis na ndaltaí a fheiceáil agus iad ag rá i mBéarla “we love you teacher”. Is sochar sa mbeis é seo. Tar éis dom ceithre seachtaine a chaitheamh i mbun na Cúntóireachta tá mo chuid muiníne deich n-oiread chomh mór agus a bhíodh. Is féidir liom seasamh os comhair rang 30 dalta agus éistear le mo ghuth. Méadaíodh ar mo chuid freagrachtaí sa scoil ó bheith i gceannas ar chleachtadh Béarla na ndaltaí agus láithreoireacht ar chultúr na hÉireann a thabhairt go léiriú amharclainne Chochoillín Dheirg a ullmhú. Tá súil agam go gcabhróidh an méid taithí atá faighte agam go dtí seo ó bheith ag múineadh sa scoil seo liom agus mé ag gabháil do mo ghairm. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an gClár Comenius as an deis seo a thabhairt dom a chur go mór le mo ghrá d’obair an mhúinteora agus a chuir in aithne mé do phobal iontach Istanbul.”

eTwinning

Is é an Coimisiún Eorpach a dhéanann maoiniú ar eTwinning faoin gclár earnála Comenius. (www.etwinning.net). Is féidir comhpháirtíochtaí a chur ar bun go héasca le eTwinning agus tabhairt faoi thograí i gcomhar le scoileanna eile san Eoraip trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC).

Ardán áisiúil is ea eTwinning do mhúinteoirí chun a bheith i dteagmháil le múinteoirí eile ar fud na hEorpa; ina theannta sin tugann sé deiseanna dóibh scileanna gairme a chur chun cinn; inspioráid a fháil agus oibriú lena gcuid daltaí ar thograí comhoibrithe i dtimpeallacht shábháilte ar líne. Féadann múinteoirí ó gach tír rannpháirteach clárú agus úsáid a bhaint as na huirlisí ar líne a chuireann eTwinning ar fáil (an Tairseach agus an Deasc) chun teacht ar a chéile, cruinnithe fíorúla a bheith acu, smaointe a mhalartú, cur le chéile i ngrúpaí, foghlaim le chéile in Imeachtaí Foghlama agus rannpháirtíú i dtograí ar líne. Anseo in Éirinn, tugann na Seirbhísí Tacaíochta Náisiúnta, is é sin, Léargas, chomh maith le Lárshairbhís Tacaíochta, is é sin, an Gréasán Scoile Eorpach, tacaíocht do thograí.

I 2011, d'oibrigh Léargas as lámh a chéile le Seirbhísí Tacaíochta Náisiúnta na hEastóine, na Sualainne agus na RA ar trí Cheardlann d'Fhorbairt Gairme. Chuir Léargas go gníomhach le gach aon cheann díobh maidir le heagrú agus seachadadh na gceardlanna. De bhreis air sin chomhoibrigh Léargas le Seirbhísí Tacaíochta Náisiúnta eile ar théamaí idir thimpeallacht agus scéalta nó traidisiúin áitiúla.

Water Aqua – An Acmhainn Ríthábhachtach

Tá Bunscoil Naomh Mhichíl do Bhuachaillí suite ar an mBaile Bán sa Ghaillimh. Freastalaíonn buachaillí ón 2ú go dtí an 6ú rang uirthi. Bhí an scoil seo rannpháirteach i dtogra eTwinning dar theideal 'Water Aqua—the Essential Resource' (Uisce – Aqua – An Acmhainn Ríthábhachtach). Ba thogra Comhpháirtíochta Scoile Comenius é seo leis, a raibh scoileanna ón bhFionlainn, ón Fhrainc, ón Ghréig, ón Iodáil, ón Pholainn, ón Phortaingéil agus ón Tuirc rannpháirteach ann.

Bhí an chomhpháirtíocht seo dírithe ar feacht ar uisce a mhéadú i ndaltaí na scoileanna rannpháirteacha agus sna pobail máguaird.

Chruthaigh na daltaí doiciméid – ag teacht ar íomhánna agus iad a ionsá, iad a stóráil i bhfillteáin – agus chuireadar na hailt agus iad críochnaithe i láthair sa Twinspace (spás roinnte ar líne d'acmhainní ar etwinning.net), i MagazineFactory agus mar chóip chrua. Chuaigh na daltaí i dtaithe ar fhoilsitheoireacht ar líne agus chruthaigh cuid acu láithreoireachtaí. Chuireadar eolas tosaigh ar Picasa agus albaim ar an ngréasán.

Chuir an togra ar chumas na ndaltaí cumarsáid a dhéanamh trí theicneolaíocht VoIP: bhídís ag comhrá ar Skype go rialta. Chlóscríobh siad ailt don suíomh idirlín, sheinneadar amhráin a phléigh téama an uisce agus rinne siad taighde faoin ábhar, go háirithe dá leabhrán ar inbhuanaitheacht uisce. Tá teacht ar a gcuid oibre ar www.droppy.net

Grundtvig

Tacaíonn an Clár Grundtvig le gach saghas eagraíochta (idir ghrúpaí pobail agus ollscoileanna) atá ag obair san earnáil oideachais d'aoisigh. Cabhraíonn sé leo rannpháirtiú i dtograí Eorpacha iltaobhacha a dhéantar le heagraíochtaí dá gcineál féin i dtíortha Eorpacha eile. Tacaíonn an clár le forbairt gairme do bhaill foirne oideachais d'aoisigh leis, trí maoiniú a thabhairt dóibh chun freastal ar oiliúint ghearrthearma, comhdhálacha, scathfhoghlaim agus socrúcháin atá bainteach lena bhforbairt gairme, i dtíortha Eorpacha eile atá rannpháirteach i Grundtvig.

Roinnt agus Nuálaíocht a dhéanamh

Mar thoradh ar thograí Grundtvig tá dea-chleachtas roinnte ag eagraíochtaí agus baill foirne a oibríonn san earnáil agus tá nuálaíocht déanta acu i dteannta a chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ilchineálacha atá le sárú acu siúd atá ag fillleadh ar oideachas agus d'fhonn freastal ar a gcuid riachtanas oideachais. Sna tograí seo pléadh ábhair a bhaineann le grúpaí ar leith ar nós daoine faoi mhíchumas, imircigh, foghlaimeoirí breacaosta, tuismitheoirí aonair, príosúnaigh, fir bhreacaosta agus a lán grúpaí eile nach iad. Ag an am céanna tugann na tograí seo faoi oideachas d'aoisigh a sheachadadh ar shlite nua cruthaitheacha atá dírithe ar feabhas a chur ar cháilíocht an eispéireas oideachais don bhfoghlaimeoir fásta. Trí staidéar a dhéanamh ar na modhanna ina ndéantar oideachas a sheachadadh tá tacaíocht tugtha ag tograí de chuid Grundtvig d'eagraíochtaí agus do bhaill foirne a théann a bhaineann triail as oideachas a sheachadadh trí mhodheolaíochtaí nua atá bunaithe ar TFC agus na meáin agus ar mhodheolaíochtaí cruthaitheacha eile (cosúil leis na daonnachtaí) a thacaíonn le foghlaim.

Forbairt Gairme

Tacaíonn an Clár Grundtvig le forbairt gairme do bhaill foirne chomh maith. Is trí Oiliúint In-seirbhíse agus trí Chuariteanna agus Malartuithe a dhéanann sé é seo. Tá forbairt gairme do bhaill foirne a oibríonn san earnáil oideachas aosaigh ríthábhachtach chun an t-eolas, na scileanna agus na cumais atá ag baill foirne a chothú ar feadh a ngairmréimeanna ar fad. Is trí forbairt gairme a chur ar fáil a aithnítear nach rudaí gan athrú iad eolas, taighde agus forbairt i réimse gairme ar bith. Áirítear ar na hábhair a dhéantar a iniúchadh modhanna agus ábhair nua a shealbhu i réimse na mbunscileanna, i litearthacht agus uimhearthacht, i modheolaíochtaí na meán nua agus na TFC, i bhfoghlaim idirghlúine, oideachas príosúnach, foghlaim i bhfoirne, sna healaíona agus in idirchaidreamh idirchultúrtha agus maidir le teicníochtaí éascaíochta.

Méadaíonn an Clár Grundtvig cumas na mball foirne soláthar a chur in oiriúint, a mhionathrú, a fhorbairt agus a leathnú ina n-eagraíochtaí, ní ó thaobh ábhair churaclaim amháin ach ó thaobh na mbearta tacaíochta a éascaíonn rannpháirtíocht iomlán na n-aosach san oideachas.

Staidéir Cháis Grundtvig

Cuimhneamh: Tomhas Eorpach II

Is é a bhí mar chuspóir ag an togra ná cur le cumas oideoirí aosach d'fhonn foghlaim faoi rannpháirtíocht, céannacht, cuimsiú agus cuimhneamh a éascú. Reáchtáladh dhá cheardlann. Bhí an chéad cheann dírithe ar chéannacht agus cuimhneamh agus pléadh rannpháirtíú agus cuimsiú sa dara ceann. Roghnaigh gach comhpháirtí téama, rinne taighde agus d'éascaigh sé ceardlann.

Tiomsaíodh agus scagadh ábhair an togra agus cuireadh le chéile iad i bhfoilseachán a raibh teacht éasca air: 'Rannpháirtíú, Céannacht, Cuimsiú, Cuimhneamh, Tomhas Eorpach II: Saoránacht a mhúineadh le haghaidh oideoirí na n-aosach'. Foilseachán é seo atá ag gabháil leis na 'Introductory Guidelines on European Active Citizenship for Adult Educators' (Treoirínite tosaigh do Shaoránacht Eorpach Ghníomhach d'Oideoirí Aosach) a forbraíodh sa chéad Togra Grundtvig do Chomhpháirtíocht Foghlama.

Mar thoradh ar an togra cuireadh cúrsa le chéile a sheachadfar i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath mar chuid de chlár oideachais dar teideal 'Citizenship—what is it?' (Saoránacht – Cad í?). Baineadh úsáid as an togra mar threoir leis, do chúrsa ar Fhorbairt Gairme faoi shaoránacht ghníomhach a sheachadfaidh Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath do 25 theagascóir CGO le linn na bliana acadúla 2011-2012. Tá teacht ar tuilleadh eolais ag <http://www.ucd.ie/t4cms/guidelines%20European%20Project.pdf>

Foghlaim Ghníomhach sa Matamaitic a chur chun cinn

Is teagascóir i Scéim Fhoghlama d'Aosaigh i gCGO Thiobraid Árann Theas í Lillian Hahessy. D'fhreastail sí ar cheardlann cúig lá faoin teideal 'Promoting Active Learning in Mathematics' (Foghlaim Ghníomhach sa Matamaitic a chur chun cinn) i mBéal Feirste. Bhí rannpháirtithe ón Bheilg, ón Liotuáin, ó Mhálta agus ó Phoblacht na hÉireann i láthair. Bhí cúlraí oideachais éagsúla acu agus maidir le cúrsaí cleachtais, bhí taithí acu ar speictream na huimhearthachta agus / nó múineadh na matamaitice. Dúirt Lillian:

“Ba í príomhchuspóir an chlár seo ná ár gcuid foghlaimeoirí a spreagadh chun cainte faoin mata sa rang agus chun a bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha. I dtreo 's gur féidir linne mar theagascóirí/múinteoirí a leithéid a chur i ngníomh agus sinne i mbun cleachtais ní mór dúinn tógáil ar an eolas atá ag na foghlaimeoirí nuair a thagann siad isteach sa rang, ceistiú éifeachtach a fhorbairt, úsáid a bhaint as tascanna fiúntacha comhoibríocha agus iad a chur chun oibre i ngrúpaí beaga ina mbíonn siad ag obair le chéile... Bíodh is go mbímidne, na rannpháirtithe ag obair in institiúidí oideachais éagsúla bhain gach aoinne leas as an gclár seo. D'fhéadamar na gníomhaíochtaí a bhí á n-úsáid againn a shimpliú nó cur lena ndeacracht de réir cumas na mac léinn. Ba é seo an chéad am a bhíos rannpháirteach i gclár oiliúna Eorpach agus chuaigh sé go mór chun tairbhe dom”.

Tacú le húsáid na meán nua sa seomra ranga

Comhordaitheoir TF agus múinteoir Eagarthóireacht Físeáin in Institiúid Breisoideachais Cheatharlaigh is ea Keith Shirley. D'fhreastail seisean ar chúrsa oiliúna seachtaine i Leuven na Beilge. Ba é ATIT (Audiovisual Technologies, Informatics & Telecommunications) a d'eagraigh an cúrsa. Is é a áiríodh ar chuspóirí an chúrsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na slite difriúla ar féidir úsáid a bhaint as físeán go oideolaíoch chomh maith le taithí phraiticiúil a fháil trí físeán dá gcuid féin a dhéanamh. Tháinig rannpháirtithe an chúrsa ón iliomad tíortha lena n-áirítear an Spáinn, an Iodáil, Éire agus an Rómáin. Mar chuid den gcúrsa chuaradar ar thuras timpeall cathair stairiúil Leuven, rud ar baineadh úsáid as mar bhunús don bhfíseán a rinne siad. Thug Keith an tuairisc seo ar an eachtra:

“Ba é an buaicphointe i mo thuairimse ná an seisiún tráthnóna le foireann na roinne closamhairc in Ollscoil Leuven. Ba iontach an rud é an teicneolaíocht a fheiceáil i mbun gnímh ar chuma nach raibh sí ag cur isteach ar aoinne. Ní bhíonn le déanamh ag baill foirne na hollscoile ach cúpla cliceáil lucht chun a gcuid léachtaí a fhoilsiú ar líne....De bharr réimse chomh leathan sin d'fhreastalaithe cúrsa a bheith i láthair (idir leanaí réamhscoile agus mac léinn ollscoile) bhí an-chuid malartú smaointe agus taithí ar siúl. D'éirigh linn plé a dhéanamh ar shlite a bhféadann físeán cur leis an eispéireas foghlama agus ba léir nach teicneolaíocht ar mhaithe leis an teicneolaíocht atá ann. Tá raidhse samplaí breise agam anois a úsáidim sa rang chomh maith le carn mór ábhar léitheoireachta agus naisc idirlín a bheidh ar fáil i seomra na foirne.”

Leonardo Da Vinci

007-2013, díríonn Leonardo da Vinci ar oideachas agus oiliúint gairme trí úsáid a bhaint as comhoibriú trasnáisiúnta d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht, chun nuálaíocht a chothú agus chun an ghné Eorpach i gcórais agus i gcleachtais an oideachas agus oiliúint gairme a chur chun cinn.

Soghluaiseacht LdV (Mobility)

Tá de sprioc ag Soghluaiseacht Leonardo da Vinci cáilíocht an Oideachas agus Oiliúint Gairme a fheabhsú trí tacaíocht a thabhairt do réimse tograí comhpháirtíochta. Tugann an beart Soghluaiseachta deis dóibh siúd atá faoi oiliúint agus d'fhostaithe taithí oibre a fháil i dtír Eorpach eile. Faigheann siad scileanna nua gairme, teanga nó scileanna eile nach iad, mar aon le tuiscint ar oiliúint agus timpeallachtaí oibre i dtíortha eile.

Maidir leo siúd a bhíonn i mbun bainistíochta, seachadta nó i mbun deartha Oideachas agus Oiliúint Gairme, tugann an beart deis dóibh cuairt a thabhairt ar chomhpháirtithe Eorpacha chun saineolas, taithí agus dea-chleachtas a mhalartú:

Oiliúint Gairme Thosaigh

I dtograí Oiliúna Gairme Tosaigh is ea a díritear orthu siúd atá i mbun oiliúint gairme thosaigh (Leibhéal 5 de chuid CDOBO agus Leibhéal 6 de chuid CDOBO arb é Leibhéal an Ardteastais é). Áirítear printísigh orthu seo. I 2011 tugadh maoiniú do 11 thogra a raibh 346 duine rannpháirteach iontu san iomlán.

Daoine sa Mhargadh Saothair

Díríonn an chatagóir seo ar dhaoine atá ar fáil sa mhargadh saothair, céimithe san áireamh. I 2011 tugadh maoiniú do sheacht dtogra ina raibh 245 duine rannpháirteach.

Gairmithe in Oiliúint Gairmoideachais

Sa chatagóir seo díritear ar ghairmithe in Oiliúint Gairmoideachais a bhainistíonn oiliúint do Ghairmoideachas, a sheachadann í nó a dhearann í: tugann an beart deis dóibh cuairt a thabhairt ar chomhpháirtithe Eorpacha chun saineolas, taithí agus dea-chleachtas a mhalartú in Oiliúint Oideachais Ghairme. I 2011 tugadh maoiniú d'ocht dtogra a raibh 128 duine rannpháirteach iontu san iomlán.

Aistriú Nuálaíochta LdV

Is é is cuspóir do Thograí Iltaobhacha le haghaidh Aistriú Nuálaíochta ná feabhas a chur ar cháilíocht agus ar tharraingteacht an chórais Oiliúna Gairmoideachais Eorpaigh trí inneachar nuálaíoch nó torthaí nuálaíoch a chur in oiriúint do shuíomhanna nua agus iad a chomhtháthú trí bheith ag obair le comhpháirtithe trasnáisiúnta. Chuige seo ní mór oiriúnú a dhéanamh ar na torthaí a bhíonn ar thograí nuálaíoch, iad a aistriú, trialacha a dhéanamh orthu agus iad a chomhtháthú i gcórais agus i gcleachtais phoiblí agus príobháideacha ag an leibhéal earnála, náisiúnta agus ag leibhéal an Phobail d'fhonn freastal ar riachtanais spriocghrúpaí agus úsáideoirí nua.

Le linn 2011 reáchtáladh trí chruinniú tacaíochta ar leith le haghaidh gach glúine de thograí um Aistriú Nuálaíochta (a bhain leis na blianta 2009-2011). Is é a pléadh sna cruinnithe ná bainistiú togra

agus conartha, measúnú chomh maith le scaipeadh/saothrú. Fuarthas ocht n-iarratas ar thograí i 2011 – níos lú ná mar a fuarthas i mblianta roimhe sin; ceadaíodh maoiniú do cheithre thogra. Tá éifeacht shoiléir ag na tograí seo maidir le ‘saothrú’ torthaí togra nó dea-chleachtas. Áirítear air seo próiseas réamhshocraithe ina n-aistrítear na torthaí éiritheacha ar chláir agus ar thionscnaimh chuig cinnteoirí cuí, é sin, nó cláir a chur i ngníomh le comhpháirtithe eile.

Comhpháirtíochtaí LDV

Cuireann Comhpháirtíochtaí Leonardo da Vinci creatlach ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí comhoibríocha beaga a dtugann eagraíochtaí Oiliúna Gairmoideachais fúthu le chéile. Cuireann siad ar a gcumas eolas a mhalartú ag an leibhéal Eorpach agus déanann siad éascaíocht do ghrúpaí dea-chleachtas a roinnt, fadhbanna a phlé agus réitigh a chur i gcomparáid le chéile.

I 2011 bhí ní ba mhó éileamh ar mhaoiniú do Chomhpháirtíochtaí: fuarthas 50 iarratas as a roghnaíodh 19 gcinn. Tháinig na tograí a faomhadh ó eagraíochtaí éagsúla agus bhaineadar le hábhair ar nós feirmeoireacht shóisialta san Eoraip, oiliúint ghairme d’ealaíona faoin spéir agus aitheantas d’fhoghlaim a rinneadh roimhe do mhúinteoirí agus oiliúnóirí Gairmoideachais. Cuireadh Ceardlann Togra Comhpháirtíochta ar siúl i mí Mheithimh a bhain le tograí de ghlúin na mblianta 2009 agus 2010. Phléigh an cheardlann an-chuid ábhar, cumarsáid, bainistiú agus measúnú cáilíochta ina measc.

Staidéir Cháis Leonardo Da Vinci

I 2011 réachtáladh an togra ‘Europool’ de chuid FÁS. Chuir sé gairmoiliúint thosaigh ar fáil san earnáil tógála agus chuir sé ar cumas printíseach i gceirdeanna tógála ag leibhéal 6 na CDBOO páirt a ghlacadh i sochrúchán oibre 12 sheachtaine sa Ghearmáin. Agus iad i mbun an tsocrúcháin chríochnaigh na rannpháirtithe Céim 7 dá bprintíseacht ‘ag an obair’ i gceird a bhaineann le tógáil. Bhí na rannpháirtithe ag obair faoi stiúir ceardaithe oilte chun na scileanna a bhí sealbhaithe acu le linn na gcéimeanna ‘lasmuigh den obair’ dá bprintíseacht a chleachtadh agus chun scileanna agus cumais nua a fhorbairt, leis.

I 2011 d’éirigh go hiontach leis an togra PLM ‘Feabhsú Cumais i dtógáil Inbhuanaithe trí Shoghluaiseacht Eorpach III’. Ba é Institiúid Forbartha Tuaithe agus Gnó Thiobraid Árann a chuir an togra ar bun i dtosach báire ach cumascadh an Institiúid le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh le déanaí. Rinne Institiúid Forbartha Tuaithe agus Gnó Thiobraid Árann éascaíocht do cheardaithe foirgníochta dul ar shocrúchán oiliúna agus oibre sa Ghearmáin.

I 2011 réachtáil Institiúid Teicniúil na Gaillimhe an Togra um Fhoghlaim Fheidhmeach. Is é a bhí i gceist leis an togra seo ná gur chaith teagascóirí ón Institiúid seachtain sa Spáinn nó sa RA mar chuid de mhalartú. Le linn tréimhse an mhalartaithe tháinig na rannpháirtithe ar shlite nuálaíochta chun foghlaim fheidhmeach a chomhtháthú ina gcóras oideachais.

An TPB Leap–Creative Futures

Ba é Coláiste Breisoideachais Inse Chór a chuir TBP Leap-Creative Futures chun cinn thar ceann Coiste Ghairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath. Is é atá i gceist ná modh idirghníomhach chun úsáid a bhaint as acmhainn ollmhór an idirlín d’fhonn spreagthacht, spreagadh agus spraoi a chur le cianfhoghlaim. Mar thoradh air seo cruthaíodh saol fíorúil don bhfoghlaiméir atá ag iarraidh scileanna nua a shealbhú i léiriúchán ócáide agus forbairt dráma. Ina theannta sin, tá an togra dírithe ar oiliúnoirí ar suim leo cur lena gcuid scileanna r-fhoghlama. Is é a ghabhann leis an bpacáiste comhtháite r-fhoghlama deiridh ná curaclam ar líne agus timpeallacht foghlama fhíorúil ina bhfuil gné spráíúil mar aon le deis don bhfoghlaiméir triail a bhaint as scileanna drámaíochta teicniúla roimh dó nó di bogadh ar aghaidh chuig na fíor-mheaisíní. Cuimsíonn an clár ardáin fhíorúla, soilsiú fíorúil chomh maith le modúil ar dhearadh feistis, riarachán agus Caidreamh Poiblí.

Caighdeán Innealtóireachta Tionscail san Eoraip arna gcur chun cinn ag an Institiúid Innealtóireachta Tionscail.

Bhí comhpháirtithe as Éirinn, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Íoslainn agus as an tSualainn rannpháirteach sa Togra um Chaighdeán Innealtóireachta Tionscail san Eoraip. Rinne an togra léarscáiliú agus anailís ar an gClár Oideachais d’Innealtóireacht Tionscail i ndáil le gach tír rannpháirtíochta i gcoinne Creatlach Eorpach na gCáilíochtaí agus i gcoinne an Chórais Eorpaigh d’Aistriú Creidiúintí. Forbraíodh fréamhshamhail den gClár Oideachais d’Innealtóireacht Tionscail mar áis thagartha do shuirbhé tionscail d’fhonn solas a chaitheamh ar bhearnaí ar bith atá idir cláir oideachais atá á dtairiscint sna tíortha rannpháirtíochta agus ar na riachtanais scileanna/eolais atá ag bainisteoirí tionscail. Baineadh an dá chuspóir amach agus ullmhaíodh tuairisc ar an togra a mhínigh an próiseas a bhí i gceist chun an tsamhail oideachais maidir le Caighdeán Innealtóireachta Tionscail

san Eoraip a chruthú chomh maith leis na torthaí a bhí ar an suirbhé tionscail a rinneadh in Éirinn, san Ísiltír agus san Íoslainn.

An Chomhpháirtíocht “A bheith Gníomhach ag tógáil Tithe Éighníomhacha d’Eoraip na Todhchaí, le rannpháirtíocht FÁS.

Bhí cúig chomhpháirtí as ceithre tír sa chomhpháirtíocht seo: as an tSualainn, an Ghearmáin, an Fhrainc agus as Éirinn. Ba é an phríomhchuspóir a bhí leis an togra ná modhanna tógála le haghaidh tithe a ídionn níos lú fuinnimh a iniúchadh. Leagadh béim ar leith ar comparáid a dhéanamh idir tógáil tithe éighníomhacha mar a dhéantar é i ngach tír de na tíortha seo. Agus an togra ar siúl thiomsaigh baill foirne na scoileanna, na n-eagraíochtaí oiliúna agus na gcuideachtaí foirgníochta eolas faoi mhodhanna foirgníochta atá neamhdhíobhálach don gcomhshaol ó shaineolaithe sna tíortha difriúla. Rinne siad comparáid idir curaclaim agus córais oideachais agus d’iniúchadar conas ba chóir an t-eolas seo a chomhtháthú sa churaclam. Ina theannta sin roghnaíodar grúpaí de dhaoine faoi oiliúint ó gach tír a thaistil chuig na tíortha comhpháirtíochta chun eolas a fháil ar thógáil tithe éighníomhacha. Cuireadh deireadh leis an togra le comhdháil sa tSualainn.

Cuairteanna Staidéir do Shaineolaithe Oideachais agus Oiliúna

Áirítear cuairteanna staidéir do shaineolaithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus do chinnteoirí sa réimse seo ar na príomhbhearta a ghabhann leis an gClár trasnaí d'Fhoghlaim ar feadh an tSaoil. Leis an gclár seo táthar ag tacú le forbairt beartais agus le comhar i ngnóthaí foghlama ar feadh an tsaoil ag an leibhéal Eorpach. Tá Clár na gCuairteanna Staidéir dírithe orthu siúd atá freagrach as beartais gairmoideachais agus gairmoiliúna a fhorbairt ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Trí ghabháil ar Chuirteanna Staidéir cuirtear ar chumas na rannpháirtithe oiread is seachtain a chaitheamh i dtír Eorpach eile. Agus iad ansin, bíonn na rannpháirtithe ag foghlaim mar gheall ar bheartais, cleachtais agus modhanna cur chuige san oideachas. Tugann na cuairteanna fóram dóibh chun plé a dhéanamh, eolas a mhalartú agus ábhar nua a fhoghlaim ar théamaí comhshuime chomh maith le tosaíochtaí Eorpacha agus náisiúnta. Agus iad ag malartú smaointe agus cleachtas nuálaíoch is ea a bhíonn ardháilíocht agus trédhearcacht a gcóras oideachais agus oiliúna á gcur chun cinn acu. Is deis fhíorluachmhar iad cuairteanna staidéir leis, chun líonrú a dhéanamh agus tugtar seans do na rannpháirtithe bualadh le comhpháirtithe féideartha a mbeadh sásta dul i mbun togra trasnáisiúnta, b'fhéidir.

Creatlach na gCáilíochtaí Náisiúnta agus na gCáilíochtaí Eorpacha d'Fhoghlaim ar feadh an tSaoil, Deireadh Fómhair 2011

Lasmuigh de bheith ag bainistiú rannpháirtithe Éireannacha atá ag dul amach ar cuairt déanann Léargas óstáil ar sé chinn de chuairteanna staidéir in aghaidh na bliana ó rannpháirtithe Eorpacha a thagann isteach. I mí Dheireadh Fómhair 2011 d'óstaigh Léargas 12 déantóir beartais as 10 dtír Eorpacha a tháinig ar cuairt staidéir dar teideal *NFQ and EQF – Frameworks for Lifelong Learning*. Cuairt foghlama do chomhghleacaithe ab ea é seo ar fhreastail an tIonad Eorpach um Fhorbairt Gairmoideachais uirthi. Is í seo an eagraíocht a bhainistíonn clár na gCuairteanna Staidéir thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh.

Rinne an chuairt iniúchadh ar bheartais náisiúnta agus Eorpacha maidir le hoideachas agus oiliúint, ar chur i ngníomh agus forbairt Creatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí in Éirinn i gcomparáid le Creatlach Eorpach na gCáilíochtaí. Thug Údarás na gCáilíochtaí Náisiúnta in Éirinn, an Chomhairle Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann láithreoireachtaí don ngrúpa. Thug siad cuairt ar Choláiste Breisoideachais Bhaile Formaid, ar Ionad Oiliúna FÁS Bhaile Formaid, ar Skillnets, ar Scoil Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíocht Bia in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, ar MANDATE agus ar an gColáiste Gairneoireachta Fóntais de chuid Teagasc.

Mar thoradh ar na ceardlanna agus ná láithreoireachtaí, na cruinnithe le déantóirí beartais, mic léinn, oiliúnóirí agus múinteoirí agus mar thoradh ar cuairteanna ar eagraíochtaí agus scoileanna chuir an chuairt staidéir ar chumas na rannpháirtithe smaointe a mhalartú faoina gcuid taithí, agus faoi chleachtais nuálaíocha chruthaitheacha idir eagraíochtaí in Éirinn agus rannpháirtithe ón Eoraip.

An Óige i mBun Gnímh

Tá an clár An Óige i mBun Gnímh á mhaoiniú ag an AE. Sa chlár seo cuirtear tograí ar bun a mbíonn daoine óga as gach cearn den Eoraip agus lastall di rannpháirteach iontu. Cabhraíonn sé leis na míle daoine óga in Éirinn scileanna a fhorbairt agus taithí don saol a fháil. De bhreis air seo tugann an clár deiseanna do cheannairí agus oiliúnóirí an aois óig gné idirnáisiúnta a thabhairt isteach ina gcuid oibre agus rudaí a fhoghlaim faoi mhodhanna nuálaíochta agus mhodhanna dea-chleachais a úsáidtear i bhfoghlaim nach foghlaim foirmiúil í, thar lear.

Áirítear ar na gníomhaíochtaí a maoinítear faoin gclár seo ná Malartuithe Óige, Tionscnaimh Óige agus Tograí Daonlathas Óige; an tSeirbhís Dheonach Eorpach; comhar le tíortha comharsanachta den AE agus le tíortha eile sa domhan; Córais Tacaíochta Óige (lena n-áirítear gníomhaíochtaí oiliúna agus líonraithe); agus Seimineáir Bheartas Óige.

I 2011 ghlac 1943 duine páirt i dtograí de chuid An Óige i mBun Gnímh. Ba mhná/cailíní 1046 díobh seo. Is ionann an líon seo agus 54% den líon iomlán. Méadaíodh ar líon na ndaoine a bhí rannpháirteach, de réir mar a thuairiscítear, sna bearta eile den gclár ó 1389 i 2010 go 1655 i 2011.

Bhí roinnt buaicphointí againn le linn na bliana: féile scannáin d'fhíseáin a rinne grúpaí óige agus a taispeánadh le linn Seachtain na hÓige, chomh maith leis na himeachtaí chun an clár a chur chun cinn agus chun comhpháirtithe a aimsiú. Is iad Léargas agus eagraíochtaí an earnáil óige a reáchtáilann iad seo i gcomhar a chéile.

Malartuithe Óige

Tugann Malartuithe Óige deis do ghrúpaí daoine óga as dhá thír nó níos mó teacht le chéile agus eolas a chur ar thíortha agus chultúir eile.

Ar an iomlán bhí níos mó gníomhaíochta sa chlár seo: i 2011 cuireadh 96 iarratas isteach. Faomhadh 64 cheann díobh. Léiríonn sé seo méadú 10%, ar an meán, i gcomparáid le 2010. San iomlán bhí 661 Éireannach óg agus 143 cheannaire óige rannpháirteach i Malartuithe Óige i mbliana.

Tionscnaimh Óige

I dtionscnaimh Óige tugtar deis do ghrúpaí daoine óga teacht le chéile chun tograí a cheapadh, a fhorbairt agus a reáchtáil a chabhraíonn leo na riachtanais agus na smaointe atá tábhachtach ina saol féin a iniúchadh. Is iad daoine óga a dhéanann na tograí a chumadh, a chur le chéile, a reáchtáil agus a bhainistiú agus mar seo tugtar deis do na daoine óga scileanna a fhorbairt. De bhreis air sin cabhraíonn na tograí leis na daoine óga tuiscint níos fearr a fháil ar a bpobail agus dul i ngleic le ceisteanna a imríonn tionchar díreach orthu.

Tháinig méadú 71 (34%) ar líon na ndaoine óga a bhí rannpháirteach i dtionscnaimh óige i mbliana. Mheas 40% díobh gur daoine óga iad féin a raibh ganntanas deiseanna acu. I 2011 ba dhaoine níos óige iad 202 (nó 71%) den líon iomlán (arbh é 281 duine é) a bhí rannpháirteach i dtionscnaimh óige. D'fhéadfadh go léiríonn sé seo go bhfuil meas ag daoine ar thograí de chuid tionscnaimh óige mar dheis chun scileanna a chur chun cinn a thacaíonn leo tuilleadh oideachas nó scileanna le haghaidh fostaíochta a fháil.

Daonlathas Óige

Is é is aidhm do thograí Daonlathas Óige ná rannpháirtíocht daoine óga sa saol sibhialta a chur ar aghaidh. Cuirtear gníomhaíochtaí chun cinn ag grúpaí daoine óga idir 13-30 bliain d’aois agus cinnteoirí nó iad siúd a bhfuil taithí acu ar ghnóthaí óige fúthu i dteannta a chéile.

Níor éirigh le Daonlathas Óige go ró-mhaith i 2011: níor cuireadh ach aon iarratas amháin isteach agus faomhadh é.

Chinn an Tionscnamh Óige i gCill Dalua/Baile an Átha togra daonlathas óige a chur le chéile agus a chomhordú go ceann cúig mí. Bhí de chuspóir acu iniúchadh a dhéanamh ar an tslí a n-éisteann pobail dhifriúla le guth na n-óg. Bhí an grúpa Éireannach ag obair i gcomhar le heagraíocht forbartha pobail. Rinne daoine óga as Albain nasc le Comhairle Bhaile Dhún Dé agus leis an tseirbhís óige áitiúil agus chuir na comhpháirtithe ón Ísiltír, grúpa a bhfuil taithí mhór acu ar na meáin agus ar an teicneolaíocht, rinne siad comhpháirtíochtaí le comhairle an cheantair áitiúil. Tá ar intinn ag an ngrúpa leanúint air ag fóbairt an togra seo agus tuilleadh tairbhe a bhaint as an gcaidreamh oibre láidir atá curtha ar bun. Ba mhaith leo cinntiú go dtiocfaidh deiseanna nua chun cinn do na daoine óga ina bpobail dá thoradh.

An tSeirbhís Dheonach Eorpach

Tugann an tSeirbhís Dheonach Eorpach deis do dhaoine óga idir 18-30 bliain d’aois deis forbairt phearsanta a dhéanamh mar aon le taithí phraiticiúil a fháil trí páirt a ghlacadh i dtograí deonacha gan pá thar lear.

Is í an tSeirbhís Dheonach Eorpach an gníomh is mó inár gClár ó thaobh méid an mhaoinithe a chaitear air. Tugtar deis do dhaoine óga tréimhsí fada a chaitheamh as baile agus iad i mbun tograí. I dtuairiscí na n-oibríthe deonacha insíonn siad dúinn faoi fhíor-fhoghlaim agus an fíor-luach atá á bhaint acu as an tSeirbhís Dheonach Eorpach. Tuairiscíonn na tograí óstála a lán tairbhí dá n-eagraíochtaí agus dá bpobail áitiúla mar thoradh as oibríthe deonacha na Seirbhíse a bheith ina measc.

I 2011 reáchtáladh Lá Bliantúil na Seirbhíse Deonaí Eorpaí i mí Eanáir: ar an lá seo buaileann oibríthe deonacha ionchasacha agus tionscnóirí togra ionchasacha le tograí Seirbhíse Deonaí Eorpaí chun foghlaim a roinnt, rannpháirtíocht a chur chun cinn agus chun gníomhaíochtaí togra a mheas. Rinne Léargas suirbhé ar gach eagraíocht ar Lá na Seirbhíse Deonaí Eorpaí chun na riachtanais oiliúna nua a mheas. Mar fhreagra d’eagraigh Léargas oiliúint faoi Youthpass agus faoi ‘Risk for Mentors’ i mí Mheán Fómhair.

Youthpass

Is é is Youthpass ann ná uirlis do rannpháirtithe i dtograí atá á maoiniú ag an gClár An Óige i mBun Gnímh, chun tuairisc a thabhairt ar a bhfuil déanta acu agus chun a thaispeáint cad atá foghlamtha acu. Baintear úsáid as Youthpass chun torthaí foghlama a fuair siad a dhearbhu. Tá Teastais Youthpass ar fáil le haghaidh na Seirbhíse Deonaí Eorpaí, Malartuithe Óige, Cúrsaí Oiliúna agus le haghaidh Tionscnaimh Óige.

Eurodesk

Is é is Eurodesk ann ná seirbhís eolais saor in aisce do dhaoine óga. Tugann sé rochtain dóibh ar eolas cuimsitheach maidir le maireachtáil, obair, taisteal agus staidéar san Eoraip. Ina theannta sin tá deasc tacaíochta á hoibriú aige chun saincheisteanna a fhreagairt.

Is é Léargas a bhainistíonn Eurodesk Éireann trí ghréasán Ionad Eolais áitiúil do dhaoine óga atá faoi riarachán eagraíochtaí óige éagsúla a thugann cóiríocht dóibh chomh maith. Faigheann siad maoiniú ar leith ó Rannóg Gnóthaí Óige na Roinne Sláinte agus Leanaí. Is cuid chomhtháite iad na hlonaid seo de sheirbhísí óige áitiúla agus cuireann siad seirbhís eolais 'buail isteach' ghinearálta ar fáil saor in aisce in áitribh saindheartha do dhaoine óga agus dóibh siúd atá ag obair leo.

I 2011 d'oibrigh Léargas le gréasán na dteagmhálaithe Eurodesk chun rannpháirtíocht sa Chlár An Óige i mBun Gnímh agus sa phróiseas déanta beartais do dhaoine óga, Structured Dialogue, a chur chun cinn. Baineadh úsáid as an gclár 'So You Think That You Know it All' (SYTYKIA). Bhí gréasán na dteagmhálaithe Eurodesk fíorghníomhach le linn Seachtain na hÓige agus ócáidí á n-éascú acu timpeall na tíre.

Rinneadh athdhearadh ar shuíomh gréasáin ar leith d'Eurodesk agus tá rochtain ar Thairseach Eorpach na hÓige á cur chun cinn aige i gcónaí.

An tÓige i mBun Gnímh: Staidéir Cháis

Gach rud a thabhairt i dtoll a chéile

Seirbhís óige neamhspleách pobail is ea Paróiste Naomh Mhichíl a bunaíodh sa bhliain 1986. Is ar dhaoine óga idir 10-21 bhliain d’aois as Inse Chóir ar imeall theas lár chathair Bhaile Átha Cliath atá sí ag freastal. Tháinig an togra malartú óige chun cinn mar chuid de chomhairliúchán óige a reáchtáladh mar chuid de Straitéis um Obair Óige Idirchultúrtha a bhíonn ar siúl ag Comhphobail na canála. Thug na daoine óga faoi deara go raibh bearna i réimse na saoránachta agus shocraíodar ar an obair phobail fhadtréimhse de chuid Tionscnamh Óige a nascadh le Malartú Óige agus tabhairt faoi rannpháirtíocht óige agus saoránacht. Lean an malartú ar aghaidh ar feadh seacht lá agus bhí sé dírithe ar dhaoine óga idir 15-18 mbliana d’aois. Ba ionadaithe ar dhaoine óga na hÉireann agus ar phobal na gCoirdíneach a chónaíonn sa bhFionlainn iad na rannpháirtithe. Le linn na tréimhse ullmhúcháin ar fad spreagadh na daoine óga chun taighde a dhéanamh agus tuilleadh a fhoghlaim faoi fheidhm an AE agus faoin mbrí a ghabhann le bheith i do shaoránach Eorpach. Ba iad dráma, ceardlann déanta puipéid agus spóirt na huirlisí a úsáideadh chun na hábhair a phlé. Chabhraigh na daoine óga chun cuid de na ceardlanna agus de na gníomhaíochtaí a roghnú, a phleanáil agus a chomhéascú agus an malartú ar siúl. Mar thoradh ar an malartú óige seo beidh glacfaidh beirt de na rannpháirtithe seo páirt sa tSeirbhís Dheonach Eorpach i 2012.

Bris-damhsa sa Ghort Álainn

Ba é an Tionscnamh Óige Ceoil Rap “Break it Down” sa Ghort Álainn an chéad cheann dá short a reáchtáladh do dhaoine óga i gCorcaigh. Bhí naonúr déagóirí rannpháirteach a bhí ag obair le ceoltóir rap/léiritheoir ceoil chun albam hip hop a chumadh, a léiriú agus a thaifeadadh. Bhí na déagóirí sásta a gcuid buanna a chur ar fáil (rapáil, dornáil buille, Djing, amhránaíocht agus seinm giotáir san áireamh) chun ceol úr cathrach a dhéanamh a thaitneoidh le daoine i ngach glúin. Ba í an príomhchuspóir a bhí ag na daoine óga ná a gcuid smaointe maidir le ceisteanna íogaire agus ceisteanna sóisialta a roinnt leis an bpobal (trí cheol). Bhí mar aidhm acu deireadh a chur le baic ar chumarsáid agus tús a chur le plé ina bpobal. Mar thoradh ar sheisiúin tobsmaointe roghnaigh an grúpa roinnt téamaí chun iad a phlé ina gcuid ceoil. Áiríodh orthu sin ceisteanna teaghlaigh, steiréitíopaí déagóra, bochtaineacht, an pobal áitiúil, drugaí, ciníochas agus comhchaidrimh. Fuair gach rannpháirtí taithí praiticiúil mar thoradh ar phróiseas ina raibh ceol á chruthú acu scileanna á bhforbairt acu dóibh féin. Bhí éascaitheoir ag tabhairt tacaíochta don ngrúpa féinspreagtha seo chun tabhairt faoi cheardlanna seachtaine chun obair a dhéanamh ar an albam. Léiríodar suim leis, i clár idirghlúine a fhorbairt a mbeidh baill bhreacaosta an phobail an comhoibriú leo ann. Ghlac na rannpháirtithe orthu féin an ceol a bhí cruthaithe acu a chur chun cinn. Dá bhrí sin bhí orthu ceolchoirmeacha a chur ar siúl agus iarraidh ar an bpreas áitiúil agus náisiúnta, ar an raidió agus ar chraoltóirí teilifíse cabhrú leo chun a chuid oibre a chur os comhair an phobail.

High Rez

Léiríodh barrchleachtas sa tSeirbhís Dheonach Eorpach i 2011 i roinnt gníomhaíochtaí a dhéanann an Grúpa High Rez i mBré, Co. Chill Mhantáin, m. sh. a bheith mar óstach d’oibrí deonach ón Liotuáin ar feadh 10 mí. Bhí baint ag an oibrí deonach le gnáthobair an Ionad Óige agus fuair sé deis dá bharr, taithí a fháil ar gach gné de fhreagrachtaí na hoibre seo. Áitítear ar na gnéithe éagsúla den obair óige a raibh baint ag an oibrí deonach leo traenáil mar cheannaire, *drop in*, ilmheáin, ceol, eachtraí faoin

spéir, na healaín, clubanna óige, tograí forbartha pearsanta mar aon le gníomhaíochtaí eile de réir mar a mhol na daoine óga agus/nó an t-oibrí deonach. Bíonn High Rez ag seoladh daoine amach faoi Chlár na Seirbhíse Deonaí Eorpaí, chomh maith.

Múineadh agus Foghlaim Teanga

An Séala Eorpach Teanga

Bronntar an Séala Eorpach Teanga uair sa bhliain mar aitheantas do thograí cruthaitheacha airgtheacha d'fhonn caighdeán múineadh agus foghlaim teanga a fheabhsú i ngach earnáil agus ag gach leibhéal oideachais. Cuirtear ar siúl é go comhuaineach i mbreis is 20 tír san Eoraip agus tá sé ina mórócáid i bhféilire na dteangacha ó 1998 anuas. Is é an Coimisiún Eorpach a dhéanann comhordú ar an Séala agus is é Léargas a dhéanann bainistíocht air in Éirinn.

Ceiliúradh an Séala Eorpach Teanga ar an 26 Meán Fómhair 2011 i Halla Woodlock i gColáiste na Naomh Uile i mBaile Átha Cliath i gcomhthráth leis an 10ú comóradh bliana ar lá Eorpach na dTeangacha 2011. Thug Maura Clancy, iar-Phríomhchigire Cúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna an príomhathaisc. Léirigh na ceithre thogra buaiteacha gur uirlisí cumasacha praiticiúla iad chun nuáil i sealbhú agus i múineadh teanga a chur chun cinn. Dúirt Maura Clancy “i dtograí na bliana seo baintear a lán úsáide as TFC i bhfoghlaim teangacha agus i bhfoghlaim teanga trí ghníomhaíochtaí praiticiúla san ionad oibre. D'fhéadfá a rá go bhfuil cosaint déanta ag buaiteoirí na bliana seo ar an “C” i dTFC!”

Ba iad seo a leanas na tograí ar éirigh leo i 2011:

Vicí Ar Líne chun Obair Bhaile Gearmáinise a chur isteach

An Togra Farsingithe Multicom 112

Oiliúint d'Fhoghlaim chomhtháite Inneachair agus Teanga do mhúinteoirí príomhshrutha i seomraí ranga Iarbhunscóile. Cur le hinrochtaineacht agus cuimsitheacht an churaclaim ar mhaithe le foghlaimeoirí a bhfuil an Béarla mar Theanga Bhreise acu

Authentik Language Interactive

Bronnadh duais ar cheathrar foghlaimeoirí Teanga na Bliana ag an ócáid seo chomh maith. Is é is aidhm don duais seo ná aitheantas a thabhairt do dhaoine aonair de bharr na mór-éachtaí atá bainte amach acu mar fhoghlaimeoirí aonair. Tá an duais seo dírithe ar fhoghlaimeoirí a bhfuil éirithe leo dul i ngleic leis na dúshláin a ghabhann le foghlaim teanga agus a bhfuil feabhas mór tagtha ar a gcuid scileanna teanga dá bharr, is cuma cén aois iad nó cén earnáil ina bhfuil siad bunaithe. Bhí foghlaimeoirí teanga na bliana 2011 idir 13 agus 65 bliana d'aois agus a léiríonn éiteas na foghlama ar feadh an tsaoil go soiléir.

Seo hiad Foghlaimeoirí Teanga na Bliana 2011:

Jessica Gough – Ollscoil Luimnigh

Simon Szyrmer – S.N. Naomh Bhríd, St. Brigid's N.S., Saingéal

Ralph Hurley O'Dwyer – Coláiste Dhroichid Nua

Paddy O'Connor – An Leabharlann Láir, Ionad ILAC

Lá Eorpach na dTeangacha

Is tionscnamh de chuid na Comhairle Eorpaí é Lá Eorpach na dTeangacha a cheiliúrtar ar an 26ú Meán Fómhair gach aon bhliain. Is iad na haidhmeanna aige ná aire an phobail a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim teangacha, tuiscint agus meas ar na teangacha a labhraítear san Eoraip a mhéadú agus foghlaim teanga ar feadh an tsaol a spreagadh.

I 2011, chuir Léargas dhá chomórtas do scoileanna ar siúl chun Lá Eorpach na dTeangacha a chur chun cinn. Roghnaíodh buaiteoirí an chomórtas gearrthóg físeáin mar gheall ar a gcruthaitheacht, a scileanna teanga, a scileanna teicniúla agus a mbua. Taispeánadh an trí ghearrthóg físeáin ar éirigh leo ar shuíomh idirlín Léargas agus tugann siad fianaise i dtaobh géire intinne scoláirí ó

Scoil Mhuire, Ceann Toirc, Co. Chorcaí,

Árdscoil na Tríonóide, Rathstewart, Baile Átha Í, Co. Chill Dara,

Bunscoil 'Oideachas le Chéile' an Droichid Nua, An Bóthar Glas, An Currach, Co. Chill Dara

Chuaigh leibhéal ard na cruthaitheachta, na hoibre ealaíne agus na scileanna a bhí i gceist chun teangacha a chuimsiú sa chomórtas féilire balla go mór i bhfeidhm ar an ngiúiré. Bronnadh an duais bunleibhéil ar Scoil Lorcáin Naofa sna Clocha Liatha i gCo. Chill Mhantáin agus bhain Ellen George atá ag freastal ar an gcéad bhliain i bPobalscoil Chill Dhéagláin, Co. na Mí, an duais iarbhunscoile amach.

An tIonad Eorpach um Nuatheangacha

Cuireadh an tIonad Eorpach um Nuatheangacha i nGraz na hOstaire ar bun ag an gComhairle Eorpach chun barrfheabhas agus nuáil i múineadh teangacha a chur chun cinn agus chun cabhrú le pobal na hEorpa teangacha a fhoghlaim go héifeachtach. Is é Léargas an pointe teagmhála in Éirinn le haghaidh an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha agus tá bunachar sonraí á bhainistiú aige ina gcoinnítear breis is 5,000 sonra teagmhála a bhaineann le réimse an oideachas teanga, an múineadh agus an oiliúint teanga, d'fhonn iad a choimeád ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí, imeachtaí agus scéala an Ionaid.

D'fhreastal triúr rannpháirtithe as Éirinn ar cheardlanna de chuid an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha i nGraz i 2011, mar seo a leanas:

Doris Devilly

Eagraíocht: Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh. Scoil na dteangacha, Litríochta agus an Chultúir (Gearmáinis)

Comhdháil an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha: Lucht Gairme Teangacha a chumasú

Karen Ruddock

Eagraíocht: Tionscnamh Teangacha Iarbhunscoile
Ceardlann: Scileanna Múinteoireachta Ar Líne a fhorbairt

Annelie Eberhardt, M.A.

Eagraíocht: Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, Scoil na dteangach, Litríochta agus an Chultúir, Roinn na Gearmáinise

Comhdháil an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha: Lucht Gairme Teangacha a chumasú

WorldWise

Clár oideachais d'fhorbraíocht is ea WorldWise a bhfuil mar chuspóir aige tuiscint a spreagadh ar shaincheisteanna forbraíochta. Oibríonn sé trí bheith ag tabhairt tacaíochta do chomhpháirtíochtaí foghlama idir iarbhunscoileanna in Éirinn agus sa nDeisceart Domhanda. Cuireann WorldWise tacaíochtaí agus struchtúir ar fáil a chabhraíonn le scoileanna comhpháirtíochtaí cothromasacha, oideachasúla agus inbhuanaithe a fhorbairt. Tá an clár á mhaoiniú ag Cúnamh Éireann agus á bhainistiú ag Léargas.

Agus dea-chleachtas na dtograí atá ar bun cheana á chur i bhfeidhm aige bíonn WorldWise ag forbairt acmhainní do mhúinteoirí agus do dhaltaí, cuireann sé Forbairt Gairme ar fáil do mhúinteoirí as Éirinn agus as tíortha comhpháirtíochta agus réachtálann sé imeachtaí bliantúla do dhaltaí agus mhúinteoirí.

Síol na Foghlama

Cuireadh tús maith leis an mbliain 2011 leis tríú Fóram bliantúil WorldWise faoin teideal 'Seeds of Learning' (Síol na Foghlama). D'fhreastail breis is 530 dalta agus múinteoir air a tháinig ó 39 scoil Éireannacha, trí scoil chomhpháirtíochta (ón India, Leosóta agus ón tSaimbia) agus ó cheithre chinn de ghréasáin Éireannacha. Tháinig na rannpháirtithe fíoréagsúla seo le chéile ag an bhFóram chun foghlaim agus smaointe a gcuid tograí comhpháirtíochta a roinnt i gceardlanna, seastáin scoile agus láithreoireachtaí a thug na daltaí.

Ó Chúnamh go Tuiscint

Tháinig múinteoirí le chéile ag ár gComhdháil do mhúinteoirí i mí Aibreáin chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn a dtograí comhpháirtíochta agus chun a phlé conas a leanfar ar aghaidh leo. Bhí deis ag na múinteoirí a gcuid scileanna a fheabhsú i roinnt ceardlanna rannpháirtíochta agus éisteacht le príomhaitheasc an Dr Niamh Gaynor dar teideal "From Aid to Understanding: Partnerships in Development Education" (Ó Chúnamh go Tuiscint: Comhpháirtíochtaí in Oideachas Forbraíochta).

Comhcheisteanna Domhanda

I 2011, íocadh deontais bheaga a chuir ar chumas comhpháirtíochtaí dul chun cinn a dhéanamh le linn tréimhse eatramhach an chláir. Bhí baint ag rannpháirtithe WorldWise le comhthograí lena n-áirítear an tsláinte, ceol, ealaín, cearta an duine, athrú aeráide agus ceartas sóisialta. Maoiníodh na

gníomhaíochtaí togra seo chomh maith le líon beag cuairteanna ó mhúinteoirí agus ó chomhpháirtithe eile ina raibh na rannpháirtithe ag obair as lámh a chéile lena bpiaraí chun dul chun cinn a dhéanamh ar chomhthograí agus chun a gcomhaontuithe comhpháirtíochta a chur chun cinn.

Tacaíodh le grúpa beag daltaí ó Mheánscoil na Toirbhirte, Fearann an Rí, Corcaigh, chun cuairt a thabhairt ar a scoil chomhpháirtíochta, an Sacred Heart Higher Matriculation Secondary School i Chennai na hIndia. Mar thoradh ar an gcúirt seo a thabhairt bhí deis ag na daltaí a gcuid smaointe, cultúir agus taithí a roinnt lena chéile, an caidreamh idir an dá scoil a threisiú agus tuilleadh tuisciana a fháil ar shaincheisteanna domhanda a bhaineann dóibh araon.

An Síol á chur

Mar thoradh ar clár trialach a reáchtáil i 2007 tá fás tagtha gach aon bhliain ar líon na scoileanna, na ndaltaí agus na múinteoirí a bhaineann triail as WorldWise. Faoi 2011 bhí baint ag níos mó ná 10% de mheánscoileanna na hÉireann le comhpháirtíochtaí agus líonraí WorldWise. Nascann siad sin daltaí agus múinteoirí i 20 contae ó gach taobh d'Éirinn le 13 thír san Afraic agus san Áis.

An Cumann Idirnáisiúnta um Mhalartú Mac Léinn ar mhaithe le Taithí Teicniúil (IAESTE)

Clár taithí oibre domhanda is ea an Malartú Mac Léinn ar mhaithe le Taithí Teicniúil a shocraíonn cúrsaí oiliúna i réimsí teicniúla. Cuireann sé deis ar fáil do mhic léinn atá i mbun ailtireachta, innealtóireachta, teicneolaíocht faisnéise nó eolaíochta a staidéar in oideachas lánaimseartha tríú leibhéal tréimhse a chaitheamh i dtír eile agus oiliúint a bhaineann lena (h)ábhar a fháil.

Tá IAESTE na hÉireann á bhainistiú ag Léargas i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Lasmuigh de bheith ag cabhrú le mic léinn as Éirinn taithí oibre a fháil thar lear bíonn IAESTE ag comhoibriú le fostóirí in Éirinn chun socrúcháin oibre a aimsiú do mhic léinn idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn.

Tugann IAESTE deis do mhic léinn taithí a fháil ar chultúr nua, scileanna teanga a fhorbairt, tabhairt faoi na dúshláin a ghabhann le bheith ag maireachtáil thar lear agus taithí oibre luachmhar a chur lena mbeathaisnéisí. Baineann fostóirí leas as fáil a bheith acu ar oiliúnaithe dea-cháilithe ardspreagtha ó thíortha thar lear.

Is mac léinn na hinnealtóireachta Sibhialta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Bolton í Marina Cumiskey. Chuir Marina cúrsa oiliúna 12 sheachtaine isteach i 2011 le Grúpa Rhomberg i mBregenz na hOstaire ar gnóthas innealtóireachta sibhialta é atá ag díriú ar fhoirgníocht inbhuanaithe.

An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna é an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas atá á hoibriú faoi choimirce Léargas. Tá mar fhreagracht aici tacú le cleachtas treorach agus é a chur chun cinn i ngach réimse den oideachas agus beartas na Roinne a stiúradh i réimse an treoraithe.

Príomhghníomhaíochtaí i 2011

D'fhreastal an Coiste um Bhainistíocht Treorach ar oiliúint i Rialachas Corparáideach agus thug sé faoi Phleanáil Straitéiseach don tréimhse trí go cúig bliana seo romhainn.

Bhí Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas, ina cháil mar bhall den ngrúpa oibre Cóiríochta, ag obair as lámh a chéile le Léargas ar na pleananna atá ar na bacáin aistriú chuig cóiríocht agus seirbhísí a roinntear le Léargas.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Bhainistíocht Treorach le linn 2011.

D'éirigh le hiarratas a rinne an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ar rannpháirtí sa chlár socrúchán oibre mar chuid den gclár náisiúnta FÁS. Bhí an socrúchán seo líonta ar feadh 9 mí i 2011.

Gníomhaíochtaí Iarbhunscoile

D'fhorbair an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas oileán (Cuan Eolais) i Second Life i gcomhar le hIonad Oideachais Chill Choinnigh d'fhonn tacú le forbairt ghairmiúil do chomhairleoirí treorach. Comhtháthaíodh úsáid Second Life i seachadadh Modúil 1 agus Modúil 3 i 2011 mar chuid de chlár trialach. Baineadh úsáid as Second Life leis, chun tacú le pobal cleachtas do chúigear comhairleoirí treorach i 2011. D'éascaigh an tOllamh Jean McNiff agus an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas trí chruinniú.

Seachadadh Modúil 3 den chéad uair ó mhí Dheireadh Fómhair 2011 go mí Bhealtaine 2012. Roimh tabhairt faoin gcéad cheardlann dóibh fuair gach rannpháirtí tacaíocht agus aischothú ó fhoireann an chúrsa i ndáil le bheith ullamh don modúl. Reáchtáladh cruinnithe roimh cheardlann 1 go fóirúil i Second Life.

Chuir an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas Modúil 1 ar fáil ar bhonn trialach do chomhairleoirí treorach de chuid Choláiste Bhreisoideachais ag Coiste Ghairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár moladh go bhféadfadh an Lárionad Náisiúnta ábhar an chlár a chur in oiriúint chun go gcuimseofaí comhairleoirí treorach iarbhunscoile agus comhairleoirí treorach iar-Ardteistiméireachta araon san aon chlár amháin.

Cuireann an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas clár an Phleanáil Treorach don Scoil Uile ar fáil mar chúrsa atá creidiúnaithe ag Coiste na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna.

Taighde ar Chleachtas na Comhairleoireachta a dhéanann Comhairleoirí Treorach i Meánscoileanna

Chuir na taighdeoirí an tuarascáil dheiridh isteach chuig an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas agus foilsíodh i mí na Nollag í. D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Freagra do

na moltaí a rinneadh mar thoradh ar an Taighde mar aon le cuntas ar bhearta a n-iarrtar ar an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas iad a dhéanamh chun tabhairt faoi na moltaí seo. Is féidir an taighde agus freagra na Roinne Oideachais agus Scileanna a íoslódáil ó www.ncge.ie

An Coiste um Thástáil Shícméadrach

Reáchtáladh cruinniú bliantúil an Choiste Chomhairligh um Thástáil Shícméadrach ar an 30 Bealtaine 2011. Is í sprioc an Choiste ná athbhreithniú a dhéanamh ar liosta tástálacha sícméadracha na Roinne Oideachais agus Scileanna a leithdháiltear ar scoileanna i mí Mheán Fómhair gach bliain.

Gníomhaíochtaí in Earnáil an Oideachas Aosaigh

Déanann an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas comhordú ar fhorbairt an Tionscnamh um Threoir Oideachais Aosaigh. Tá 40 Seirbhís an Tionscnamh um Threoir Oideachais Aosaigh ar fáil sa tír seo faoi bhainistiú na gCoistí Gairmoideachais agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Mar fhreagra don Measúnú Uileghabhálach ar Thuarascáil an Tionscnamh um Threoir Oideachais Aosaigh, 2010 athbhunaíodh an grúpa Comhairleach Náisiúnta don Tionscnamh um Threoir Oideachais Aosaigh i 2011 ach ba lú é an grúpa ná mar a bhíodh roimhe sin. Tá sé faoi bhainistíocht Rannóg Bhreisoideachais na Roinne Oideachais agus Scileanna agus is í atá mar chathaoir air chomh maith. Cuimsíonn a bhallraíocht an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, an Cumann Gairmoideachais in Éirinn, an Tionscnamh um Threoir Oideachais Aosaigh agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Déanann an Stiúrthóir ionadaíocht don Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas agus don Tionscnamh um Threoir Oideachais Aosaigh i ngrúpa comhairleach na Roinne Oideachais agus Scileanna / Cumann Gairmoideachais in Éirinn um Diantheagasc Bunoideachais d'Aosaigh.

Mar chuid de na forbairtí SOLAS bhí an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ag obair as láimh a chéile leis an Rannóg Bhreisoideachais sa bhfoghgrúpa um threoir den ngrúpa forfheidhmithe SOLAS.

Bhí an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ag obair leis an Rannóg Bhreisoideachais den Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun athruithe cuí a dhéanamh ar thuarascálacha ráithiúla an Tionscnaimh um Threoir Oideachais Aosaigh. Bhí an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ar aon aigne go raibh gá leis na tuarascálacha seo ó sheirbhísí an Tionscnaimh um Threoir Oideachais Aosaigh dhá uair sa bhliain. Chuir an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas tús leis na tuarascálacha nua seo ar bhonn triailach i 2011 agus bhí i gceist an triail seo a chríochnú i 2012.

Gníomhaíochtaí ginearálta an Tionscnaimh um Threoir Oideachais Aosaigh

Rinne an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas comhordú ar chlár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do Chomhordaitheoirí Treorach, Chomhairleoirí Treorach agus oifigigh Eolais an Tionscnaimh um Threoir Oideachais Aosaigh i mí Bhealtaine agus i mí na Nollag.

Lámhleabhar don Tionscnamh um Threoir Oideachais Aosaigh ar an nGréasán

Rinne an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas comhordú maidir le hacmhainní ar líne a fhorbairt do lámhleabhar an Tionscnaimh um Threoir Oideachais Aosaigh ar an ngréasán. Agus athruithe déanta acu ar na tuarascálacha Ráithiúla tá tuairisc achomair fheidhmeannach ar na Seirbhísí déanta ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas a bhí ar fáil do na Seirbhísí go léir sa Lámhleabhar. Tá sé seo ar fáil trí rochtain shábháilte na foirne ar www.ncgeaegihandbook.com.

Bhí an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ag obair i gcomhar le seirbhísí an Tionscnaimh um Threoir Oideachais Aosaigh chun acmhainní atá bunaithe ar TFC a fhorbairt don lámhleabhar.

Gníomhaíochtaí Bunoidreachais agus Gníomhaíochtaí na hEarnála Neamhfhoirmiúla

Tá ailt ar shaincheisteanna faoi chúrsaí treorach in earnáil an bhunoidreachais agus an oideachais neamhfhoirmiúil i Nuacht an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas.

Foilsíodh ailt i Nuachtán an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas inar díródh aire ar chleachtas treorach i mbunoidreachas ar fud an AE.

Tá an tOifigeach Treorach atá ag obair ar líonra EUROGUIDANCE i mbun taighde i gcónaí ar an leibhéal ar a sholáthraítear treoir fhoirmiúil sa chóras bunscoile i dtíortha eile an AE. Scaipeadh samplaí an dea-chleachtais i Nuachtán an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas.

Gníomhaíochtaí Ardoideachais

Thug Comhordaitheoir an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas láithreoireachtaí do mhic léinn iarchéime na comhairleoireachta treorach sna hollscoileanna faoi bheartais treorach agus faoi ghníomhaíochtaí de chuid Euroguidance. D'fhreastal an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ar aonaigh iarchéime in Ollscoil Luimnigh agus i gColáiste Ollscoile Chorcaí agus thug láithreoireachtaí ann.

Tá ailt ar shaincheisteanna faoi chúrsaí treorach san ardoideachas i Nuacht an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas agus díritear aire iontu ar shamplaí de cleachtas agus acmhainní nuálaíocha.

Cuireann an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas clár pleanála le haghaidh Treoir Scoile Uile ar fáil ar chúrsa atá creidiúnaithe ag CDAOO.

Bhuail Stiúrthóir an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas agus Comhordaitheoir an Chlár Treorach le CDAOO chun an cheist i dtaobh ainmníocht nua na ndámhachtainí CDAOO a shoiléiriú d'fhonn dámhachtain Clár Treorach Scoile Uile an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas a thabhairt ar aon dul le soláthraithe CDAOO uile.

Gníomhaíochtaí Eorpacha

EUROGUIDANCE

Chuaigh an comhordaitheoir ar chuartheanna staidéir agus d'fháiltigh roimh chuartheanna de réir mar atá mínithe san iarratas ar dheontas le haghaidh an chláir gníomhaíochtaí Euroguidance agus d'fhreastal ar oiliúint faoin líonra EUROGUIDANCE ar fud na bliana.

Cuireann an comhordaitheoir EUROGUIDANCE le gníomhaíochtaí Euroguidance trí eagarthóireacht a dhéanamh ar nuachtlir an líonra Euroguidance, tríd na ceisteanna go léir a chuirtear maidir le EUROGUIDANCE a fhreagairt agus trí rannpháirtíú go gníomhach in athfhorbairt an tsuíomh idirlín Euroguidance i dteannta comhpháirtithe eile den líonra.

Bhí an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas i gceannas ar fhorbairt Foinse Náisiúnta Sonraí le haghaidh PLOTEUS II (Tairseach le haghaidh Deiseanna Foghlama ar fud an AE) mar aon le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann/Qualifax agus Intrasoft, an chuideachta forbartha a bhí faoi chonradh ag an AE. Chuir an Comhordaitheoir Euroguidance, an t-ionadaí ar an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas/Roinn Oideachais agus Scileanna, Mark Deegan agus ionadaithe ó Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann torthaí na trialach i láthair ag cruinnithe comhordaithe PLOTEUS II sa mBriséil i mí Dheireadh Fómhair.

Mar chuid de straitéis mhargaíochta dhigiteach do Euroguidance a mhol an Comhordaitheoir Euroguidance rinne an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas leathanach Facebook chun deiseanna soghluaiseachta agus foghlama a chur chun cinn ar fud an AE.

Scoileanna Eorpacha

Rinne an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas comhordú ar sholáthar treorach ó chomhairleoirí treorach Éireannacha agus trí sheirbhís ghutháin, do leanaí tuismitheoirí Éireannacha atá ag freastal ar scoileanna san Eoraip sa Bhruiséil agus i Lucsamburg. D'fhorbair an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas na hacmhainní don tseirbhís seo.

Academia

Déanann an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas comhordú ar Academia – an Malartú Eorpach Comhairleoirí Treorach atá á maoiniú ag an gClár um Fhoghlaim ar feadh an tsaoil mar chuid den ngníomh soghluaiseachta Leonardo sa Vinci. Bhí an Lárionad, i gcomhar le Cleachtóirí Treorach na hÉireann, ina óstach do chlár do 11 chleachtóir a tháinig isteach ón Iodáil, ón tSualainn, ón bhFionlainn agus ón Spáinn i mí Mhárta 2011. Chuaigh comhairleoirí treorach as Éirinn ar chuaipteanna malartaithe chuig an bhFionlainn, an Eastóin, an Iorua agus an bhFrainc.

Comhdhála AE

Agus é ag feidhmiú mar ionadaí ainmnithe na Roinne Oideachais agus Scileanna bhí an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas i gceannas ar fhoireann tíre a bhí ag obair le cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna agus le hInstitiúid na gComhairleoirí Treorach chun aighneacht chuig an Ionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Gairme agus Beartas Poiblí a chur isteach. D'fhreastal an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ar Shiompóisiam ar Threoir mar chuid d'fhoireann tíre i mBúdaipeist na hUngáire i mí na Nollag 2011.

Léargas

Eagraíocht neamh-bhrabúis is ea Léargas atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Oifig an Aire Leanáí agus Gnóthaí Óige. Bíonn Léargas ag obair as lámh a chéile leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chomh maith.

Tá cláir malartaithe agus cláir comhoibrithe Eorpacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le hoideachas, oiliúint, cúrsaí óige agus obair phobail á mbainistiú ag Léargas le breis is fiche bliain anuas.

Is é an misean atá ag Léargas ná daoine a chumasú lena mbeatha a chaitheamh mar shaoránaigh Eorpacha agus mar shaoránaigh dhomhanda i bhfianaise na n-athruithe a bhíonn ag teacht de shíor ar an saol mórthimpeall orainn, trí bheith ag rannpháirtíú i gcláir chomhoibritheacha idirnáisiúnta agus náisiúnta a chuireann oideachas foirmiúil agus neamh-fhoirmiúil chomh maith le hoiliúint ghairme ar fáil.

Agus a mhisean á chomhlíonadh aige bíonn Léargas ag obair de réir na mbunluachanna seo a leanas:

- Cáilíocht: tá de chuspóir againn seirbhís éifeachtach éifeachtúil a fhreagraíonn don éileamh a chur ar fáil do na daoine go léir a bhfuilimid ag obair leo
- Comhpháirtíocht: is é comhoibriú agus comhar an cur chuige atá againn laistigh de Léargas agus inár gcuid oibre le daoine eile san earnáil araon
- Trédhearcacht: is mór againn oscailteacht, ionracas agus macántacht inár gcuid oibre ar fad
- Cuimsiú: cuirimid ár gcuid seirbhísí go léir ar fáil go cothrom cóir, agus déanaimid iarracht ar leith chun iad a chur ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste
- Forbairt: is ar fhorbairt a bhímid ag díriú inár gcuid oibre ar fad
- Tacaíocht: aithnímid gurb í ár bhfoireann an príomhacmhainn atá againn agus tacaímid lena bhforbairt ghairmiúil agus lena bhforbairt phearsanta

Tá Léargas roinnte ina chúig fhoireann ar an taobh istigh de:

- Seirbhísí Lárnacha: cuireann siad seirbhísí riaracháin, airgeadais agus bainistiú eolais ar fáil don eagraíocht ar fad.
- An tSeirbhís Oideachais: bainistíonn sí formhór na gclár scoile (Comenius, eTwinning, East West Schools), chomh maith le Cuirteanna Staidéir agus oideachas d'aoisigh (Grundtvig).
- Seirbhísí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna a bhainistíonn na cláir Leonardo da Vinci agus IAESTE.
- Seirbhísí Obair Óige a bhainistíonn na cláir óige agus phobail (An Óige i mBun Gnímh, Causeway agus Eurodesk).
- An fhoireann WorldWide a bhainistíonn an chlár WorldWide de chuid Cúnamh Éireann um nascadh scoileanna agus tumoideachas.

Ina theannta sin feidhmíonn an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas faoi choimirce Léargas.

Bord Léargas

Eamon Kinch - Cathaoirleach (go dtí 04/11)

Dominica Crean

Gary Kearney (go dtí 04/11)

Rose Malone (go dtí 04/11)

Marian O'Callaghan

Jim O'Donovan (go dtí 11/11) (Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige OMYCA)

Gerardine Skelly (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

Des O'Loughlin (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

Foireann Léargas

STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

Jim Mullin

SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA

Fionnuala Broughan – Bainisteoir Faisnéise agus Eolais, Bainisteoir ar an gClár WorldWide

Naoise Byrne - Riarthóir

Ann Ryan – Oifigeach Cuntais Gníomhach

Mary O'Sullivan – Cúntóir Airgeadais Gníomhach

<folúntas> - Riarthóir Bunachar Sonraí

<folúntas> - Fáilteoir

SEIRBHÍSÍ GAIRMOIDEACHAIS AGUS GAIRMOILIÚNA

Pat Halley – Bainisteoir Cláir

Siobhán Wallace – Oifigeach Cláir Aistriú Nuálaíochta/Comhpháirtíochtaí

Neil Maher – Oifigeach Cláir Aistriú Nuálaíochta/Comhpháirtíochtaí

Weronika Gasior – Cúntóir Togra Aistriú Nuálaíochta /Comhpháirtíochtaí

Olive Mooney/Gráinne Carley - Riarthóir

Fiona Croke – Oifigeach Togra, Soghluaiseacht

Elva Duggan - Oifigeach Togra, Soghluaiseacht

Brigid Kelly – Cúntóir Togra, Soghluaiseacht

Charis Hughes – Oifigeach Malartaithe IAESTE (Cumann Idirnáisiúnta um Mhalartú Mac Léinn ar mhaithe le Taithí Theicniúil)

<folúntas> - Oifigeach Togra, TFC

AN tSEIRBHÍS OIDEACHAIS

Lorraine McDyer – Bainisteoir Cláir

Denise Shannon - An Clár Grundtvig , In-Seirbhís Comenius, Tograí Iltaobhacha agus Líonraí.

May Diamond – An Clár Grundtvig, In-Seirbhís Comenius

Lisa Fox – Comhpháirtíochtaí Comenius, Cúntóireachtaí, Lá Eorpach na dTeangacha, An tIonad Eorpach um Nuatheangacha, An Séala Eorpach Teanga

Kay O’Regan - eTwinning

Jeanette Saunders – Comhpháirtíochtaí Comenius, Cúntóireachtaí

Ivanna D’Arcy – Cuairteanna Staidéir

Brian Desmond – Cuairteanna Staidéir

Nellie Tattersall - Lá Eorpach na dTeangacha, An tIonad Eorpach um Nuatheangacha, An Séala Eorpach Teanga, Cláir Comenius agus Grundtvig

Ronan Ivory – Oifigeach Airgeadais

Kathleen Carey - East West, Seimineáir Theagmhála Comenius agus Grundtvig, eTwinning

AN tSEIRBHÍS OBAIR ÓIGE

Des Burke – Bainisteoir Cláir

Lorraine Gilligan – Oilíúint & Meastóireacht, Gníomhartha 4&5, Causeway

Patricia Dalton - Gníomhartha 1&3, Causeway

<folúntas> - Gníomh 2, Causeway

Malgorzata Fiedot-Davies - Eurodesk

Emmanuelle Place – Oifigeach Airgeadais

Carlos Barcelo - Riarthóir

Emma Grainger- Cúntóir Riaracháin (go dtí 06/11)

WORLDWISE

Eva Creely – Oifigeach Togra

Mary McCarthy – Oifigeach Oideachais

Althea O’Sullivan – Cúntóir Togra

Foireann an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas

Jennifer McKenzie - Stiúrthóir

Linda Darbey – Comhordaitheoir an Treoirchláir

Hilary Lynch – Oifigeach Treorach (Comhordaitheoir EUROGUIDANCE)

Ursula Kearney – Oifigeach Treorach

Shivaun Gallagher – Oifigeach Eolais

James Hogan – Oifigeach Riaracháin

<folúntas> - Cúntóir Riaracháin

Cuntas Achomair 2011

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

	Ioncam €	Caiteachas €	Barrachas
Seirbhís Obair Óige	853,284	853,284	-
Seirbhís Oideachais	1,145,912	1,145,912	-
Seirbhísí Gairmoideachais & Gairmoiliúna	1,044,709	1,044,709	-
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	744,098	744,098	-
WorldWise	195,838	195,838	-
Tograí Ilghnéitheacha	3,654	3,654	-
	3,980,196	3,980,196	-